NETWORKS

# Leibhéal Sóisearach Ceacht 5: Leictreachas Lasmuigh – Ag Fanacht Slán

## Naisc Churaclaim

**OSIE › Fuinneamh agus Fórsaí › Maighnéadas agus Leictreachas**
**OSPS › Mé féin › Sábháilteacht agus Cosaint**

## Cuspóirí

1. Tuiscint a fháil ar na contúirtí a bhaineann le leictreachas agus conas fanacht slán le leictreachas lasmuigh
2. Tuiscint a fháil i dtéarmaí simplí
3. Contúirtí a shainaithint agus conas fanacht sábháilte le leictreachas thart ar thimpeallacht na scoile

## Acmhainní

Páipéar, pinn luaidhe agus an 6 Noda Sábháilteachta 'Fan Slán, Fan amach'. Tá acmhainní breise lena n-áirítear pleananna ceachta agus bileoga gníomhaíochtaí ar fáil freisin agus is féidir teacht orthu trí dhul chuig **www.esbnetworks.ie/education**.

## Réamhrá

Iarr ar na daltaí a machnamh a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoi leictreachas. Bain úsáid as meabhairmhapa ar an mbord chun smaointe na ndaltaí a léiriú. Ansin, cuir an méid a leanas in iúl do na daltaí: *Is cineál fuinnimh é an leictreachas a thugann cumhacht do rudaí chun oibriú*. Iarr ar na daltaí smaoineamh ar shampla den chaoi a sreabhann an leictreachas tríd an aer, is é sin tintreach.

*Leictreachas Statach agus Uisce - Turgnamh*

Déan an turgnamh seo mar rang nó ina ngrúpaí beaga. Beidh an méid a leanas ag teastáil uait: rochtain ar sconna, cíor plaisteach tirim, cloigeann lán gruaige.

1. Cas ar an sconna ionas go mbeidh sreabhadh réidh uisce ann. Breathnaigh ar an sreabhadh uisce.
2. Cíor an ghruaig deich n-uaire, ag déanamh an bhuille chéanna den chíor arís agus arís eile.
3. Ansin cuir an cíor go cúramach in aice leis an sreabhadh uisce gan teagmháil a dhéanamh leis an uisce. Breathnaigh ar an sreabhadh anois. An bhfuil an treo athraithe? An féidir leat uisce a fheiceáil 'ag lúbadh'?

Pléigh an turgnamh, labhair faoin tslí ar mheall an leictreachas a cruthaíodh le cíoradh na gruaige an t-uisce agus gur athraigh sé an treo. Cuir in iúl do na daltaí gurb é Leictreachas Statach is cúis leis seo (Carnadh leictreachais ar dhromchla). Cuir ceist ar na daltaí ar bhain 'turraing leictreach' dóibh riamh nuair a chuir siad a lámh le doras cairr nó tralaí ollmhargaidh. Mínigh go dtarlaíonn sé sin mar gheall ar leictreachas statach carnadh sa chorp.

## Forbairt

*Gníomhaíocht Ghrúpa – Scag agus cuir in ord*

Meabhraigh an 6 nod sábháilteachta 'Fan Slán, Fan Glan' i gCeacht 2 leis an ngníomhaíocht a leanas. Cuir in iúl do na daltaí gur féidir le daoine turraing leictreach chontúirteach a fháil mura bhfanann siad sábháilte thart ar leictreachas. Scríobh na habairtí measctha a leanas ar an mbord, ag sannadh abairt amháin in aghaidh an ghrúpa. Iarr ar na daltaí iad a scagadh agus a chur in ord ionas gur féidir leis an rang na 6 nod sábháilteachta a aimsiú chun cabhrú leo fanacht sábháilte thart ar leictreachas (Is féidir le daltaí níos óige é seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht iomlán ranga).

1. in aice le/ ná dreap/ sreanga lastuas/ crainn/ choíche *(ná dreap crainn in aice le sreanga lastuas choíche)*
2. drón/choíche /sreanga lastuas/ ná cuir/ ag eitilt/ eitleog / in aice le *(ná cuir eitleog nó drón ag eitilt in aice le sreanga lastuas choíche)*
3. sreanga lastuas/ in am ar bith/ ná bí ag iascaireacht/ in aice le *(ná bí ag iascaireacht in aice le sreanga lastuas in am ar bith)*
4. inis do/ ná téigh in aice le/ dhuine fásta/ sreang atá tite/ in am ar bith *(ná téigh ina aice le sreang atá tite in am ar bith, inis do dhuine fásta)*
5. piolón/ choíche/ ná dreap *(ná dreap piolón choíche)*
6. comhartha contúirte/ fan amach/ ó áiteanna / atá marcáilte le *(fan amach ó áiteanna atá marcáilte le comhartha contúirte)*

Nuair a bheidh an méid sin curtha i gcrích, déanaigí plé ar gach nod sábháilteachta, ag tagairt do thaithí phearsanta na ndaltaí de réir mar a oireann.

***Ná déan dearmad Fan Slán i gcónaí le leictreachas agus Fan Amach uaidh!**

ESB NETWORKS

# Leibhéal Sóisearach Ceacht 5: Leictreachas Lasmuigh – Ag Fanacht Slán

## Gníomhaíocht don Rang Iomlán

*Fíor nó bréagach*

Déan achoimre ar na 4 chéim de Thuras an Leictreachais ó Ceacht 3: 1) Stáisiúin chumhachta, 2) Piolóin, 3) Cuaillí adhmaid agus lastuas, 4) Is boscaí miotail iad mionbhoscaí leictreachais.

Léigh na habairtí a leanas faoi **chuaillí** agus **sreanga lastuas** agus **mionbhoscaí leictreachais.** Iarr ar na daltaí éisteacht agus seasamh suas má cheapann siad go bhfuil an abairt fíor agus fanacht ina suí má cheapann siad go bhfuil sé bréagach. Pléigh gach ráiteas:

1. Taistealaíonn leictreachas trí shreanga lasnairde. (Fíor)
2. Tugann sreanga lasnairde leictreachas ó phiolóin go tithe, gnólachtaí agus pobail ar fud na hÉireann. (Fíor)
3. Níor chóir duit cuaille leictreachais a dhreapadh choíche (Fíor, tá sé seo contúirteach, d'fhéadfadh turraing leictreach baint duit)
4. Is féidir le leictreachas sreabhadh trí shreanga amháin. (Bréagach – Is féidir le leictreachas sreabhadh tríd an aer, trí rudaí agus trí dhaoine.)
5. Cuidíonn mionbhoscaí chun leictreachas a thabhairt isteach inár dtithe agus scoileanna (Fíor)

*Do Ranganna Níos SIne:*

6. Téann an leictreachas ó mhionbhoscaí leictreachais chuig ár dtithe agus scoileanna trí cháblaí faoi thalamh. (Fíor)
7. Is boscaí miotail iad mionbhoscaí leictreachais agus is féidir teacht orthu in aice le srutháin agus aibhneacha (Bréagach - Tá siad le fáil ar chosáin nó in aice le foirgnimh. Ní théann uisce agus leictreachas go maith le chéile!)

## Obair Bheirte

*Is Spiaire mé*

Iarr ar na daltaí ina mbeirteanna léarscáil shimplí de thailte na scoile a tharraingt. Mar rang, siúil timpeall ar thailte na scoile agus an limistéar lasmuigh di, ag spiaireacht ar **chuaillí adhmaid**, **sreanga lasnairde** agus **mionbhoscaí leictreachais.** I mbeirteanna déan iad sin a mharcáil ar do léarscáil. Nuair a bhíonn sibh ar ais sa seomra ranga, ag tagairt do na noda sábháilteachta 'Fan Slán, Fan Amach', déan plé ar conas is féidir leat fanacht sábháilte thart ar do scoil.

## Conclúid

Tabhair leathanach A4 do gach dalta, ag iarraidh orthu ceann de na 6 noda sábháilteachta 'Fan Slán, Fan Amach' a roghnú agus póstaer a chruthú chun an teachtaireacht a thabhairt do leanaí eile faoi conas fanacht sábháilte thart ar leictreachas. Spreag iad chun teachtaireacht shoiléir amháin a thabhairt, ag baint úsáide as pictiú(i)r chun é a threisiú.

Is féidir na póstaeir sin a chur isteach sa chomórtas póstaer 'Fan Slán, Fan Amach' le ESB Networks. Gheobhaidh na hiarrthóirí a bhuafaidh duaiseanna agus ócáid bhronnta duaiseanna ina scoil dóibh féin agus don scoil. Chomh maith leis sin, beidh siad le feiceáil i bhféilire a chuirfear chuig bunscoileanna ar fud na tíre.

## Gníomhaíocht Shínte

Cruthaigh taispeántas scoile faoi conas is féidir leat fanacht slán, fanacht amach thart ar thimpeallacht na scoile.

***Ná déan dearmad féachaint ar www.esbnetworks.ie/education le teacht ar go leor acmhainní eile faoi leictreachas.**
**Is féidir teacht ar phleananna ceachta 1 go 5 agus ar ghníomhaíochtaí sa seomra ranga ar an láithreán gréasáin.**